Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

**FAISNÉIS THÁBHACHTACH**

**LÉIGH AN FHAISNÉIS SULA LEANANN TÚ AR AGHAIDH LE D'IARRATAS**

Tabhair ar aird nach gceadaítear ach Iarratas Amháin in aghaidh an ionaid/an ghnó. Ba cheart iarratais a chur ar aghaidh ar ríomhphost chuig NTESS@tcagsm.gov.ie

Déan tagairt don doiciméad treoirlínte [INSERT LINK] agus do cheisteanna coitianta [INSERT LINK] **sula** gcomhlánóidh tú d'iarratas. Má tá ceist agat i dtaca le haon chuid den fhoirm iarratais seo, déan teagmháil le NTESS@tcagsm.gov.ie chun tuilleadh eolais a fháil sula gcuirfidh tú d'iarratas ar aghaidh.

Má tá tú ag lorg réamh-mhaoinithe éileofar ort doiciméid a chur ar aghaidh, (mar a shonraítear sna treoirlínte) mar chuid de d'iarratas. Déan scanadh ar na doiciméid seo agus bíodh siad réitithe agat sula dtosóidh tú. Ná cuir d'iarratas ar aghaidh gan na doiciméid seo a bheith faoi iamh.

Iarrfar ort do Shonraí Bainc a chur ar fáil/a dheimhniú. Ní hionann é sin agus deontas a thairiscint. Úsáidfear na sonraí seo chun íocaíocht a dhéanamh i gcás ina n-éireoidh le d'iarratas.

Bí ar an eolas go bhféadfaidh sonraí maidir le deontaithe a n-éireoidh leo, (atá le hainm an ghnó, le hainm an chontae agus leis an tsuim a dheonófar a chur san áireamh), a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne nuair a bheidh deireadh leis an scéim.

Cuimhnigh nach mbreithneofar dréachtiarratais.

Tá formhór na réimsí atá ar an bhfoirm iarratais seo riachtanach*. Meastar iarratais neamhiomlána a bheith neamh-incháilithe agus ní bhreithneofar iad le haghaidh maoinithe. Cinntigh go gcomhlánófar gach réimse i gceart leis an bhfaisnéis uile a éilítear ort a thabhairt sula gcuirfidh tú d'iarratas ar aghaidh.

Nuair a gheofar d'iarratas gheobhaidh tú ríomhphost lena ndeimhneofar go bhfuarthas d'iarratas agus ina gcuirfear d'Uimhir Iarratais in iúl duit. Ní mór an uimhir seo a lua i ngach comhfhreagras a dhéanfar a bhaineann leis an scéim seo.

Cuirtear an Scéim seo ar fáil faoin Rialachán ón gCoimisiún Eorpach maidir le Cabhair De Minimis lena bhféadfadh sé go n-éileofaí ar iarratasóirí coinníollacha breise a chomhlíonadh agus/nó tuilleadh doiciméid a thabhairt don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

NÍ BHREITHNEOFAR IARRATAIS A BHEIDH MALL. Táimid ag iarraidh a chur ina luí go mór ar dhaoine gan fanacht go dtí an lá deireanach le hiarratais a chur ar

aghaidh. NÍ BHREITHNEOFAR IARRATAIS A CHUIRFEAR AR AGHAIDH TAR ÉIS 1PM DÉ hAOINE AN 22 IÚIL.

## Cuid 1. Iarratasóir

Ní mór réimsí a bhfuil * in aice leo a chomhlánú.

*Ainm an Ghnó Cláraithe

*An bhfuil Cónaí ar an Iarratasóir in Éirinn nó an bhfuil cónaí air in Áit Eile

*Ríomhphost an Iarratasóra

Tabhair ar aird: is é seo an seoladh ríomhphoist chuig a seolfar gach comhfhreagras, lena n-áirítear fógra maidir le híocaíocht a chur ar aghaidh.
Má bronnadh maoiniú ort cheana, úsáid an seoladh ríomhphoist céanna le do thoil

*Uimhir Ioncaim Cláraithe / Uimhir Aitheantais Chánach

*Tabhair ar aird go n-úsáidfear an uimhir seo chun do stádas imréitigh cánach a dheimhniú.*
*Má chuirtear Uimhir Aitheantais Chánach mícheart nó neamhbhailí isteach beidh moill ar íocaíocht a thabhairt d'iarratasóirí a n-éireoidh leo. Ní bheidh an mhoill seo soiléir go dtí go ndéanfar iarracht íocaíocht a dhéanamh.*
Nóta Ioncaim maidir le hImréiteach Cánach

*An Uimhir Ioncaim í an Uimhir Chánach
nó an Uimhir Cánach Corparáide í

*Uimhir Thagartha maidir le hImréiteach Cánach (UTIC)

Ag trádáil faoin ainm (má bhaineann le hábhar)

*Céadainm Teagmhála

*agus sloinne

*Seoladh na háite óna n-oibríonn gnó (Líne 1 den Seoladh)

Líne 2 den Seoladh

Líne 3 den Seoladh

Líne 4 den Seoladh

*Éirchód

*Contae

*Réamhuimhir Theileafóin (e.g.  087, 086, 085, 01, 045 etc) Uimhir Theileafóin (digití eile de d'uimhir theileafóin, GAN an réamhuimhir a chur san áireamh)

* An mbeidh na himeachtaí ar siúl ag seoladh na háite óna n-oibríonn tú Beidh/Ní bheidh *

Más NÍ BHEIDH, tabhair Ainm agus seoladh na háite/seoltaí na n-áiteanna a bhfuil sé beartaithe na himeachtaí a chur ar siúl

*

## Cuid  2. Mionsonraí

Ní mór réimsí a bhfuil * in aice leo a chomhlánú.

*Cé atá ag déanamh an Iarratais?

- ☐ Oibritheoir Ionaid
- ☐ Tionscnóir
- ☐ Teach Tábhairne
- ☐ Club Oíche
- ☐ Caifé
- ☐ Gailearaí
- ☐ Eile

*An bhfuil tú ag déanamh iarratas faoi Shruth A: Áitreabh Ceadúnaithe nó faoi Shruth B: Áitreabh Neamhcheadúnaithe

*Déan cur síos gairid ar do ghníomhaíochtaí trádála (is é 40 focal an t-uasmhéid focal)

*An tSuim a Éilítear

Má fuair tú maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le 12 mhí anuas, cuir an scéim faoina bhfuair tú deontas in iúl

- [ ] SCGCS (an Scéim Cúnaimh Gnó i ndáil le Ceol agus Siamsaíocht)
- [ ] STESC (an Scéim Tacaíochta i ndáil leis an Earnáil Siamsaíochta le linn Covid)
- [ ] STTB (an Scéim chun Tacú le Taibhithe Beo)
- [ ] SDATB (Scéim Deontais Atosaithe na dTaibhithe Beo)
- [ ] SDCST 2021/2022 (an Scéim Deontas Caipitil Siamsaíochta Tráchtála)

Tabhair ar aird má fuair tú maoiniú ó scéim ar bith de na scéimeanna thuas, ní bheidh tionchar aige sin ar d'incháilitheacht faoin scéim seo. Ciallóidh sé go mbeidh do shonraí bainc againn ar an gcóras cheana agus nach mbeidh ort iad a chur ar aghaidh arís ar an gcéad leathanach eile

## Cuid 3. Státchabhair an Aontais Eorpaigh

Ní mór réimsí a bhfuil * in aice leo a chomhlánú.

*An raibh an gnó ag fáil maoiniú Státchabhrach? Bhí/Ní raibh *

Is í an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an t-Údarás a thugann cabhair deontais don Scéim agus deimhníonn sí go léireoidh sí meas ar na hoibleagáidí monatóireachta agus tuairiscithe i ndáil le Státchabhair.

Táthar ag lorg na cabhrach agus á cur ar fáil faoin Rialachán ón gCoimisiún Eorpach maidir le Cabhair De Minimis. Meastar suimeanna beaga Státchabhrach, suas le 200,000 Euro a thugtar in aon tréimhse trí bliana d'aon fhiontar amháin ar leith, a bheith róbheag chun tionchar suntasach a bheith acu ar thrádáil nó ar iomaíochas sa chomhmhargadh. Meastar suimeanna den sórt sin a bheith taobh amuigh de chatagóir na Státchabhrach a gcuirtear cosc air le Conradh CE agus is féidir iad a thabhairt gan fógra a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach nó gan imréiteach a fháil uaidh.  Éilítear ar Bhallstát meicníocht a bheith aige chun cabhair den sórt sin a rianú (ar a dtugtar 'cabhair De Minimis') agus chun a chinntiú go ndéantar an tsuim cónasctha d'íocaíochtaí chabhair De Minimis ó gach foinse d'fhiontar amháin in aon tréimhse trí bliana de réir uasteorainn 200,000 Euro. Iarrfar ar iarratasóirí sonraí a thabhairt maidir le gach cineál chabhair De Minimis eile a deonaíodh ar a ngnó le trí bliana anuas. Dá ndéanfadh cuideachta bréagdhearbhú agus go sárófaí an tairseach 200,000 Euro mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé gurb éard a n-eascródh as níos déanaí an chabhair a fuarthas a aisghabháil agus ús a bheith léi. Cabhair De Minimis atá i ngach maoiniú ó Scéim Tacaíochta an Gheilleagair Oíche 2022 (STGO) agus iarrfar ar iarratasóirí a aithint go bhfuiltear ag tairiscint STGO 2022 faoi Chabhair De Minimis trí dhearbhú gur mian leo iarratas a dhéanamh ar STGO faoi Rialachán De Minimis (CE) 1407/2013 an 18 Nollaig 2013.

Má fhreagair tú BHÍ maidir le Státchabhair, tabhair sonraí thíos

| An Cineál Cabhrach a Ceadaíodh le 3 bliana anuas | Suim (€) | Dáta (ll/mm/bbbb) |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

## Cuid  4. Togra

Ní mór réimsí a bhfuil * in aice leo a chomhlánú.

*Cén cineál imeachta/imeachtaí a reáchtálfaidh tú?

☐ Ceol Beo

☐ Greann

☐ Damhsa

☐ Litríocht

☐ Filíocht

☐ Imeacht Amharclannach

☐ Ceardaíocht

☐ Ealaín

☐ Grianghrafadóireacht

☐ Eile

Má roghnaigh tú ‘Eile’ nó má bheidh tú ag reáchtáil níos mó ná cineál amháin imeachta tabhair sonraí sa bhosca thíos?

* Tabhair sonraí maidir le himeachtaí atá beartaithe lena n-áirítear na dátaí atá beartaithe

*An reáchtálann tú imeachtaí ag an ionad seo faoi láthair? Reáchtálann/Ní reáchtálann

*Conas a chuirfidh tú an t-imeacht chun cinn? Tabhair achoimre ar an straitéis a bheidh agat thíos. Má tá plean margaíochta ullmhaithe agat cuir cóip ar aghaidh mar thaca leis an gcuid seo.

*Tabhair Briseadh síos ar an gCostas a Mheastar a bheidh i gceist leis an Imeacht/ leis na hImeachtaí sa bhosca thíos.

# Cuid 5. Réamh-mhaoiniú

Ní mór réimsí a bhfuil * in aice leo a chomhlánú.

## Critéir do Réamh-mhaoiniú

Breithneoidh an Roinn, faoi chúinsí áirithe, réamhíocaíocht éigin den deontas a thabhairt roimhe ré. I gcás ina lorgaítear réamh-mhaoiniú, tabharfaidh an Roinn réamh-mhaoiniú 75% den mhaoiniú a dheonaítear agus íocfar an 25% deiridh de nuair a chuirfear sonraisc agus fáltais ar aghaidh, ar cheart ráitis Bainc/doiciméid eile tacaíochta iad a chruthú freisin agus ar cuireadh ar aghaidh iad i gcomhréir leis na treoirlínte seo. Is ionann an tsuim uasta a dtabharfar réamh-mhaoiniú lena aghaidh agus €7,500 in aghaidh an iarratais. **Deonófar Réamh-mhaoiniú faoi na coinníollacha seo a leanas:**

Aon ghnó incháilithe a mbíonn láimhdeachas bliantúil níos lú ná €191,000 acu, áirítear leis sin áitribh cheadúnaithe a thagann faoi ‘Banda Ceadúnais A’

Ní mór d’iarratasóirí ráiteas a chur ar fáil i dtaca le láimhdeachas. Ní mór é seo a dheimhniú agus úsáid á baint as Teastas ó Iniúchóir/Litir atá sínithe ag Cuntasóir. (Deimhnigh sonraí nach mór a chur san áireamh sa Litir seo)

Ní mór d’iarratasóirí cruthúnas a thabhairt sula bhfaighfear réamhíocaíocht, lena léiriú briseadh síos na gcostas lena n-áirítear luachana foirmiúla do chostais incháilithe faoin Scéim seo.

Ní mór d’iarratasóirí na critéir incháilitheachta a chomhlíonadh mar a leagtar amach sna treoirlínte.

*An bhfuil tú ag déanamh iarratas ar réamh-mhaoiniú? Tá/Níl

## Cuid 6. Doiciméid atá de Dhíth le haghaidh Réamh-mhaoinithe

Má tá tú ag déanamh iarratas ar réamh-mhaoiniú, **ní mór** duit na doiciméid seo a leanas a chur ar aghaidh in éineacht le d'iarratas. Mura n-áirítear an fhaisnéis riachtanach uile leis an iarratas mar a luaitear thíos, beidh moill ar d'iarratas a phróiseáil.

Doiciméid atá de dhíth:

1. Uaslódáil na cuntais iniúchta is déanaí atá ullmhaithe ag cuntasóir.

2. Teastas ó Iniúchóir/Litir atá sínithe ag Cuntasóir

> **TÁBHACHTACH** - Ní mór na sonraí seo a leanas a dheimhniú go soiléir i dTeastas ó Iniúchóir/ i Litir atá sínithe ag Cuntasóir;
>
> a) An Sruth lena mbaineann an t-iarratas i.e. Sruth A, Sruth B
> b) Deimhniú nach raibh an láimhdeachas atá ar leith ó CBL don ghnó níos mo ná €191,000
> Ní mór na sonraí uile thuas a lua sa Teastas ón Iniúchóir/Litir ón gCuntasóir atá uaslódáilte agat chun d'iarratas a bhreithniú.

3. Ní mór d'iarratasóirí cruthúnas a thabhairt sula bhfaighfear réamhíocaíocht, a léiríonn briseadh síos na gcostas lena n-áirítear luachana foirmiúla do chostais incháilithe faoin Scéim seo.

## Cuid 7. Sonraí Bainc

Ní mór réimsí a bhfuil * in aice leo a chomhlánú.

### Cuntas

*Ar thug tú do shonraí bainc don Roinn seo cheana féin i dtaca le scéimeanna eile?

☐ Thug, is féidir leat mo shonraí bainc a chuir mé ar aghaidh cheana a úsáid.

☐ Níor thug, ní dhearna mé iarratas ar aon mhaoiniú riamh leis an Roinn seo.

**Tabhair ar aird:** Má tá ceadú faighte agat chun maoiniú a fháil faoi scéimeanna STTB, SDATB, SDCST 2021/2022, SCGCS nó ESCSS, nó faoi aon scéim eile sa

Roinn seo, roghnaigh “Thug, is féidir leat mo shonraí bainc a chuir mé ar aghaidh cheana a úsáid.”

Tabhair ar aird gur cheart duit Sonraí Bainc a sheiceáil arís nuair a chuireann tú isteach iad.
Is faoin iarratasóir atá sé a chinntiú go bhfuil na sonraí uile ceart.
**NÍ MÓR** na sonraí uile a éilítear thíos, lena n-áirítear an t-ainm sonrach atá ar do Chuntas Bainc (is cuma má tá an t-ainm seo mar an gcéanna le hainm an iarratasóra) a chomhlánú chun go mbeidh an Roinn in ann íocaíocht a dhéanamh le hiarratasóirí a n-éireoidh leo.
Ní mór d’Éirchód a bheith tugtha ar an Leathanach maidir le Sonraí.
Má tá sonraí míchearta ann d’fhéadfadh sé nach bhfaighfear íocaíocht.

*Ainm (atá ar an gcuntas Bainc)

Is é seo an t-ainm atá ar do chuntas bainc, de ghnáth is é d’ainm féin nó ainm do chuideachta atá i gceist. Ná tabhair AIB, Banc Uladh etc.
Má dhúnann tú do chuntas bainc nó má athraíonn tú é sula scaoilfear íocaíocht beidh moill ar an íocaíocht a thabharfar d’iarratasóirí a n-éireoidh leo.

*Uimhir an Chuntais

*Cód Sórtála an Bhainc:

*Cód SWIFT nó Cód Aitheantais Bainc (BIC)

*IBAN

(Úsáidtear Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc - nó IBAN - ar fud an domhain chun cuntais aonair a aithint. Ba cheart duit a bheith in ann do IBAN a aimsiú ar ráiteas do chuntais bainc nó is féidir teagmháil a dhéanamh le do bhanc chun an uimhir seo a dheimhniú)

*Ainm an Bhainc

*Ainm an Bhrainse

## Ráiteas Príobháideachais

*Tá an Roinn tiomanta do do phríobháideachas a chosaint agus do mheas a léiriú air agus cuireann sí bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm chun do chuid faisnéise a chosaint ó rochtain neamhúdaraithe.*

*Ní dhéanfaidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha ar bith seachas an cuspóir ar bailíodh iad ina leith.*

*Is féidir sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais eile, le húdaráis áitiúla eile, le gníomhaireachtaí eile faoi choimirce na Roinne, nó le comhlachtaí poiblí eile, i gcúinsí áirithe ina bhforáiltear dó sin faoin dlí.*

*Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun na gcríoch ar chucu a bailíodh agus a próiseáladh iad ina dhiaidh sin.*

*Nuair atá an riachtanas gnó atá ann an t-eolas seo a choinneáil imithe in éag, déanfar na sonraí pearsanta a scrúdú d'fhonn iad a scriosadh chomh luath agus is féidir agus de réir pholasaí na Roinne.*

# Cuid 8. Críoch

Ní mór réimsí a bhfuil * in aice leo a chomhlánú.

Cuir tic sna boscaí chun a leanas a dheimhniú

*Dearbhaím:

☐ go dtuigim nach féidir liom ach aon iarratas amháin a dhéanamh faoin scéim

☐ go dtuigim nach mór freastal ar shláinte agus ar shábháilteacht na ndaoine ar an áitreabh atá i láthair ag imeachtaí taobh istigh, lena n-áirítear sábháilteacht dóiteáin na ndaoine sin, faoin Reachtaíocht Phríomha seo a leanas agus faoi na rialacháin agus faoin treoir arna ndéanamh fúithi, áirítear orthu seo ach gan a bheith teoranta dóibh na doiciméid seo a leanas:

- *An tAcht um Cheadúnú Ócáidí Laistigh 2003*
- *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (féach* www.hsa.ie*)*
- *Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007-2016*
- Na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1989 agus 2003 (féach *www.environ.ie*)
- *Na Rialacháin um Shábháilteacht Dóiteáin in Áiteanna Cruinnithe (Bealaí Éalaithe a Éascú) 1985*
- *Cód Cleachtais do Shábháilteacht Dóiteáin a Bhainistiú in Áiteanna Cruinnithe*
- *An Treoir maidir le Sábháilteacht ag Imeachtaí (An Treoir Chorcra)*

☐ Is féidir liom a dheimhniú go gcomhlíonann gach ealaíontóir, taibheoir agus foireann a bhaineann leis an tionscadal an tAcht um Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, 2005 agus go bhfuil dualgas orm aon iompar míchuí a chosc ar dócha go mbeadh sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe i mbaol dá bharr. Cinnteoidh mé go bhfuil an timpeallacht oibre saor ó bhulaíocht, ó chiapadh, agus ó chiapadh gnéasach, agus go bhfuil polasaí maidir le dínit ag an láthair oibre a fhorbairt i bhfeidhm.

☐ go dtuigim má tá mé ag déanamh iarratas ar mhaoiniú faoi Shruth A, go n-éilítear orm an ceadúnas alcóil iomchuí bailí a bheith i bhfeidhm.

☐ go bhfuil oibleagáid orm aitheantas a thabhairt do chúnamh na Roinne i ngach ábhar fógraíochta a bhaineann leis na himeachtaí (cuirfidh comhfhreagras eile an lógó ar fáil)

☐ go dtuigim gur cheart dom cruthúnas a choinneáil a thacaíonn leis an mbonn chun an t-iarratas seo a dhéanamh, mar d'fhéadfadh sé go n-éileodh an Roinn

Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán air faoi sheiceálacha incháilitheachta amach anseo

☐ go bhfuil mé ar an eolas má fhaightear amach go bhfuil éileamh a dhéantar ar STGO calaoiseach nó go ndearnadh éileamh rómhór lena aghaidh, go mbeidh impleachtaí i gceist a bhaineann leis na nithe seo a leanas: an deontas a aisíoc, ús agus pionóis agus foilsiú a d'fhéadfaí a dhéanamh

☐ go bhfuil an fhaisnéis uile a thug mé san fhoirm iarratais seo, ar feadh m'eolais agus mo thuairime, ceart agus comhlánaithe.

☐ go dtuigim má dhéanann aon chomhlacht rialála Stáit (e.g. Coimisinéirí Ioncaim etc.) teagmháil liom nach mór dom an Roinn a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir

*I gcás ina ndeonófar deontas, **toilím:**

☐ go bhféadfaidh an tsuim, an t-ainm faoina gcuirtear gníomhaíocht ghnó i gcrích, an seoladh baile agus cur síos ar an ngníomhaíocht ghnó a dhéanaim, a fhoilsiú ar láithreán Gréasáin na Roinne mar fhaighteoir maoinithe ó STGO

***Dearbhaím** go ndearna mé an méid seo a leanas:

☐ D'fhreagair mé gach ceist go fírinneach ar feadh m'eolais agus tá an fhaisnéis uile atá san iarratas agus an fhaisnéis uile atá in aon doiciméad tacaíochta fíor agus cruinn.

☐ Má tá mé ag tabhairt mo Shonraí Bainc ar an bhfoirm seo (baineann sé seo le hiarratasóirí nua), rinne mé iad a sheiceáil arís chun a chinntiú go bhfuil siad ceart

☐ Admhaím go soláthraítear aon deontas a dheonaítear faoin scéim seo faoi Státchabhair agus dearbhaím agus aontaím go gcomhlíonfaimid na rialacha maidir le Státchabhair agus go n-aontóimid aon airgead deontais a aisíoc a n-éilíonn an Roinn orainn a aisíoc nó a mhalairt i gcás nach gcomhlíonaimid nó nach gcomhlíonann an tionscadal rialacha maidir le Státchabhair

*__Sínithe__ ________________________

***Clóscríobh d'ainm anseo***

***Post** ________________________

***Dáta (ll/mm/bbbb)** ____________